C/2026/3004

2.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.12404 - APG / ANTIN / NORTHC

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3004)

1. An 11 Bealtaine 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— APG Asset Management N.V. ('APG', an Ísiltír), atá faoi rialú Stichting Pensioenfonds ABP ('ABP', an Ísiltír),

— Antin Infrastructure Partners S.A.S. ('Antin', an Fhrainc),

— DutchColo A B.V. agus a fhochuideachtaí ('NorthC', an Ísiltír), atá faoi rialú Antin.

Gheobhaidh APG agus Antin rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NorthC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní de chuid na hÍsiltíre é APG agus bainistíonn sé na sócmhainní le haghaidh ABP. Is é ABP an ciste pinsin le haghaidh fostaithe rialtais agus oideachais san Ísiltír.

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Antin atá dírithe ar infheistíochtaí i mbonneagar, go háirithe san fhuinneamh agus sa chomhshaol, san iompar, agus sa bhonneagar digiteach agus sóisialta. Roimh an gcomhchruinniú, bhí rialú aonair aige ar NorthC, a oibríonn seirbhísí comhshuímh fiontair do chustaiméirí lárionaid sonraí tríú páirtí ar fud na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na hEilvéise, lena soláthraítear spás, cumhacht, fuarú agus nascacht do threalamh TF na gcustaiméirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12404 — APG / ANTIN / NORTHC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË